Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/2173

25.3.2024

**Caingean arna tabhairt an 6 Feabhra 2024 – Tiktok Technology v an Coimisiún**

**(Cás T-58/24)**

(C/2024/2173)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Tiktok Technology Ltd (Baile Átha Cliath, Éire) (ionadaithe: E. Batchelor agus M. Frese, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* an Coimisiún Eorpach

## An t-ordú atá á lorg

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— go gcuirfí Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2023) 8173 ón gCoimisiún an 27 Samhain 2023 lena gcinntear an táille mhaoirseachta is infheidhme do TikTok de bhun Airteagal 43(3) de Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) ar neamhní ina hiomláine; agus

— a ordú don Choimisiún a chostais féin agus costais an iarratasóra maidir leis na himeachtaí seo a íoc.

## Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí

Mar thaca leis an gcaingean, maíonn an t-iarratasóir sé shaincheist dlí.

1. An chéad saincheist dlí lena n-éilítear go sáraítear leis an gcinneadh atá faoi chonspóid Airteagal 43(5)(b) de Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('DSA') trí mheánlíon faighteoirí gníomhacha in aghaidh na míosa ('MAR') a úsáid nach gcomhlíonann le sainmhíniú dlíthiúil DSA ar MAR in Aithris 77 agus Airteagal 3(p) DSA agus ina ionad sin modheolaíocht meastacháin a chur i bhfeidhm nach bhfuil bunús dlí bailí léi faoi Airteagal 43 DSA.

2. An dara saincheist dlí lena n-éilítear go sáraítear leis an gcinneadh atá faoi chonspóid Airteagal 43(5)(c) DSA trí mhainneachtain teorainn táille 0,05 % de ghlanioncam an tsoláthraí ('teorainn táille') a chur i bhfeidhm don iarratasóir.

3. An tríú saincheist dlí lena n-éilítear go sáraítear leis an gcinneadh atá faoi chonspóid Airteagal 43(5)(b) DSA trí táillí iarmharcacha a chur ar an iarratasóir.

4. An ceathrú saincheist dlí lena n-éilítear go sáraítear leis an gcinneadh atá faoi chonspóid Airteagal 43(2) DSA toisc go bhforchuirtear táille maoirseachta bunaithe ar na costais lasmuigh de raon feidhme Airteagal 43(2) DSA.

5. An cúigiú saincheist dlí lena n-éilítear go sáraítear leis an gcinneadh atá faoi chonspóid ceart cosanta an iarratasóra. Le cinneadh sealadach mhéid na táille maoirseachta bliantúla, níor tugadh aon deis don iarratasóir barúil a thabhairt ar na sonraí MAR a d'úsáid an Coimisiún ná ar ríomh na táillí iarmharach.

6. An séú saincheist dlí lena n-éilítear go sáraítear leis an gcinneadh atá faoi chonspóid an dualgas cúiseanna a lua. Ní thugtar cúiseanna leordhóthanacha sa chinneadh atá faoi chonspóid maidir le costais an Choimisiúin a chumhdaítear leis an táille maoirseachta, ríomhanna an Choimisiúin maidir le MAR TikTok, sainaithint na soláthraithe a ríomh an teorainn táille, agus na cúiseanna le modheolaíocht choiteann a chur i bhfeidhm.

([1]) Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO 2022 L 277, lch. 1).